# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl

# Nollaig 2016

**Fáilte!**

Fáilte roimh na gasúir nua: Abigail, Aoife, Aoife,Caolán, Donnacha, Éabha, Luca, Naoise, Sorcha, Rian agus Shannon. Agus fáilte ar ais Colm agus Sheona!



**Oireachtas Cois Fharraige 19-23/9**

Tháinig Oireachtas Cois Fharraige chuig na scoile. Rinne muid ealaín, drámaíocht, damhsa, scéalta filíochta agus ceol. Bhí seachtain an-spéisiúil againn!



**Slán agus Fáilte!**

Slán le Múinteoir Monica a bhí anseo le 33 bliain. Ag guí gach rath uirthi. Agus Fáilte roimh Múinteoir Ciara Ní Chonghaile!

**Barbaró 17/10/16 agus 21/10/16**



Chuaigh na hArdranganna chuig Gaillimh chun an dráma 'Voyage' a fheiceáil. Chuaigh na Bunranganna chun an scéal 'Luan agus an Mórphiano' a chloisteáil agus ansin chuig taispeántas a fheiceáil.



**Lá Mata 19/10/16**

Bhí lá Mata againn mar chuid de na heachtrachtaí Seachtain na Mata. Rinne na gasúir go leor rudaí éagsúla; cluichí, siúlóidí mata, tangrams agus biongó.



**Tionól**

Bíonn tionól againn chuile Dé hAoine. Ceiliúrann muid na gasúir a bhí ag obair go maith i rith na seachtaine agus pléann muid eachtraí a tharla agus rudaí a bheidh ag tarlú amach anseo.

**Cóisir Oíche Shamhna 28/10/16**



Bhí cóisir iontach againn i mbliana. Bhí gasúir gléasta suas agus bhí seó faisin agus comórtas damhsa againn. Ansin bhris muid suas i ngrúpaí agus rinne muid stáisiúin spraíúil difriúla: babhláil, cuir an srón ar an bpuimcín, ag caitheamh fáinní, faigh an €1, bob is breab srl. Bhí an-lá againn!!

**Boscaí Hope**

Bhailigh muid 46 bosca Hope i mbliana. Go raibh míle maith agaibh agus ná laga Dia sibh!



**Splainc 6/12/16**



Chuaigh gasúir ón mBunrang agus ón Ardrang go dtí an leabharlann ar an gCeathrú Rua le haghaidh scéal agus dráma beag a fheiceáil. Bhí sé seo eagraithe ag 'Tuismitheoirí na Gaeltachta'. Fuair chuile pháiste dhá leabhar, fillteán agus peann.

**Buanna bainte amach ag Scoláirí Scoil Ros a' Mhíl**



Sa gcomórtas **Ealaíne Chois Fharraige** tháinig Síofra sa gcéad áit agus Kate sa

dara háit sa rannóg 8-10 bl. Fuair Aliaya, Dearbhlá, Éabha (R6) agus Chloe ardmholadh. Sa gcomórtas **Scéalaíochta Cois Fharraige** fuair Tomás Óg, Éabha (R6), Aliaya, Róise, Elisha, Ciarán, Saidbh, Brandon, Alex agus Abigail boinn.

Fuair Lorcán an 5ú háit san **Oireachtas Rince Gaelach Chonnachta** i Leisureland, Gaillimh.




Sa gcomórtas **Ealaíne Naomh Anna**, tháinig Róise sa dara háit i rannóg 8-10bl.



Nach iontach na gasúir atá againn?!!!

**Raidió 8/12/16**



Tháinig an Raidió chuig na scoile ag caint le na gasúir faoin Nollaig. Chan na gasúir amhráin dóibh. Bhí muid an-bhródúil astu!!

**Dráma na Nollag 14/12/16**

Bhí Dráma na Nollag againn arís i mbliana sa séipéal le Cór Cois Fharraige. Bhí an-oíche againn le dráma, scéaltaí, ceol agus damhsa!



**Crib Beo 15/12/16**

Mar 'treat' tar éis an Dráma, chuaigh an scoil uile chuig Ardeaglais na Gaillimhe le haghaidh 'Crib Beo' a fheiceáil. Bhí daoine agus animhithe beo sa gCrib. Chuaigh muid isteach san Ardeaglais freisin ag breathnú air. Fuair muid uilig pacáiste criopsaí ó fhear a bhí ag obair ann!



**Maidin Caifé 16/12/16**

Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn
Our Lady's Children's Hospital, Crumlin

Bhí Maidin Caifé againn ar mhaithe le Ospidéal Mhuire na Leanaí Cromghlinn. Chaith muid geansaithe Nollag agus thóg muid isteach cácaí agus rudaí deasa.




Ansin chan muid carúil na Nollag trasna an bhóthar ag Tigh Tadhg. Bhailigh muid €424!!! Go raibh míle maith agaibh as ucht bhur tacaíocht.




**Pictiúir eile ón Nollaig:**







*Ag guí Nollaig Shona oraibh ar fad.agus bainígí sult as an sos.*

*Foireann na Scoile*

*Athoscailt: 9/1/17*